
LÍONRA TAISTIL GNÍOMHACH
BHAILE ÁTHA CLIATH



# Scéim Feabhsúcháin Shráidbhaile Fhionnghlaise

## BILEOG EOLAIS




## CÉARD ATÁ SA BHILEOG SEO?


1 Léargas ar an Tionscadal
2 Buntáistí na Scéime
3 An gá atá leis an Scéim
4 Príomhghnéithe
5 Cur isteach ar an Trácht
6 Conas Teagmháil a Dhéanamh Linn


## 1 LÉARGAS AR AN TIONSCADAL

Seachadfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an Líonra Taistil Ghníomhaigh trí shraith tionscadal infreastruchtúir sna blianta amach romhainn. Fásfaidh an Líonra ón 10km atá ann cheana ina líonra nasctha 310km ar fud na cathrach. Cuirfidh sé seo roghanna taistil níos sábháilte, níos ionchuimsithí agus níos inbhuanaithe ar fáil.

Mar thoradh ar Scéim Feabhsúcháin Shráidbhaile Fhionnghlaise, cuirfear áiseanna ardchaighdeáin siúil, rothaíochta agus iompar poiblí ar fáil i Sráidbhaile Fhionnghlaise feadh Bhóthar Shéamais Mhic Aonghasa (idir an t-acomhal leis an mBóthar Thuaidh agus Bóthar Mhic Clúin). Díreofar sa tionscadal seo ar an acomhal 5 bhealach le Bóthar Shéamais Mhic Aonghasa/ Ascaill Mhic Aoidh/ Bóthar Bhaile Shéamais a athrú ó bhonn. Is é phríomhghné an tionscadail é deireadh a chur le Bóthar Bhaile Shéamais (theas) mar bhealach tréthráchta. Beidh na áiseanna rothaíochta beartaithe feadh Bhóthar Shéamais Mhic Aonghasa mar chuid de chuar-rotharbhealach príomha a cheanglaíonn Fionnghlas Thiar le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Cill Easra.

## AMLÍNE

| R1 2024 | R3 2024 | R1 2025 | R4 2025 |
|---|---|---|---|
| **Pleanáil agus Dearadh Sonrach** | **Fógairt Tairiscintí** | **Tús na nOibreacha** | **Deireadh na nOibreacha** |

Tionscadal Eireann
Project Ireland
2040

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

## 2 CAD IAD NA BUNTÁISTÍ A BHAINEANN LEIS AN SCÉIM?

- Áiseanna rothaíochta agus siúil ardchaighdeáin, sábháilte, inrochtana agus cosanta a chur ar fáil chun freastal ar gach aoisghrúpa i Sráidbhaile Fionnghlaise
- Stíl mhaireachtála níos gníomhaí a éascú le haghaidh gach aoisghrúpa, rud a dtiocfaidh buntáistí iolracha leis ó thaobh folláine coirp agus mheabhrach de
- Áiseanna níos fearr le haghaidh trasrianta do choisithe agus do rothaithe a chur ar fáil ag acomhal Bhóthar Bhaile Shéamais, Bhóthar Shéamais Mhic Aonghasa agus Ascaill Mhic Aoidh

## 3 CÉN GÁ ATÁ LEIS AN SCÉIM?

- Saoráidí siúil agus rothaíochta a fheabhsú do na pobail áitiúla, ag éascú aistriú córa iompair chuig modhanna níos inbhuanaithe.
- Nasc a chur ar fáil chun scéimeanna rothaíochta agus iompair phoiblí amach anseo a cheangal lena chéile
- Cur le laghdú ar astaíochtaí iompair i gcomhréir le cuspóirí an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide




Léiriú an ealaíontóra ar dhearadh sonrach





Léiriú an ealaíontóra ar dhearadh sonrach

# 4 PRÍOMHGHNÉITHE

- Soláthar rotharbhealaí scartha
- Tuilleadh trasrianta do choisithe agus do rothaithe a shuiteáil
- Áiseanna iompair phoiblí níos fearr a chur ar fáil, lena n-áirítear scáthláin bhus nua
- Acomhal cosanta a thabhairt isteach chun feabhas a chur ar chúrsaí sábháilte na rothaithe
- Feabhsúcháin a chur ar fáil don réimse poiblí trí cheantar coisithe a chruthú sa sráidbhaile trí dheireadh a chur le Bóthar Bhaile Shéamais mar bhealach tréthráchta
- Bóthar Bhaile Shéamais (theas) a athrú ó thrácht aontreo go trácht dhá threo chun rochtain áitiúil a choinneáil
- Ábhair phábhála ardchaighdeán agus tuilleadh suíochán a shuiteáil
- Tabhairt isteach na gCóras Inbhuanaithe Draenála Uirbeach nua (SUDS)
- Tuilleadh tírdhreachú bog agus soithí plandaí ardaithe mar chuid de
- Feabhas ar shoilsiú poiblí

## TRASGHEARRADH BEARTAITHE AG BÓTHAR SHÉAMAIS MHIC AONGHASA





Léiriú an ealaíontóra ar dhearadh sonrach

## 5 CUR ISTEACH BEAG AR AN TRÁCHT AGUS SUITEÁIL Á DÉANAMH

Meastar go gcuirfear tús le hoibreacha suiteála na scéime seo in R1 2025. Chun an scéim seo a chur i gcrích, déanfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, i gcomhar lenár gconraitheoir, ár ndícheall cur isteach ar an trácht a íoslaghdú a oiread agus is féidir.

## 6 CONAS TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LINN

Tá rannpháirtíocht an phobail á lorg againn maidir leis na moltaí scéime reatha. Más mian leat breathnú ar thuilleadh faisnéise nó aighneacht a dhéanamh chuig CCBÁC maidir leis an tionscadal seo, féach ar na roghanna thíos:

consultation.dublincity.ie (déan é seo a scanadh)

activetraveloffice@dublincity.ie leis an ábhar: Scéim Feabhsúcháin Shráidbhaile Fhionnghlaise

Oifig Cláir um Thaisteal Gníomhach, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Teach Cavendish, Bloc D, Cúirt Árainn, Cé Árainn, Baile Átha Cliath 7, D07 H5CH

Oifig Cláir um Thaisteal Gníomhach: 01 222 2536

Rabhaidh Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath: alerts.dublincity.ie

Tá fáil ar na líníochtaí deartha chun breathnú orthu le linn na tréimhse comhairliúcháin ag:

- Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Bloc 1, Urlár 0, Oifigí na Cathrach, an Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, D08RF3F.
- Leabharlann Bhaile Munna, Bóthar Bhaile Munna, Baile Átha Cliath 9, D11 DCR7
- Leabharlann Fhionnghlaise, Lárionad Shráidbhaile Fhionnghlaise, Bóthar Shéamais Mhic Aonghasa, Baile Átha Cliath 11, D11 C603
- www.dublincity.ie/activetravel

**OÍCHE EOLAIS PHOIBLÍ** Reáchtálfar imeacht eolais maidir leis an tionscadal óna **4-7i.n. ar an 29ú Feabhra 2024** in Ionad Spóirt & Corpacmhainne Fhionnghlaise, Bóthar Uí Mhaoilíosa, Fionnghlas, Baile Átha Cliath Theas 11, D11 HK09

**TAPAIGH AN DEIS LABHARTHA**